**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir sé shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear go gcomhlíontar na ceanglais chomhlíontachta de chuid Scéim III de shaorlimistéar Mhaidéara, go háirithe bunús na mbrabús agus cruthú agus coinneáil post sa réigiún.
2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear moill gan údar maith i bhfrithghníomhú an Choimisiúin.
3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear mainneachtain cúiseanna a lua.
4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear an ceart chun triail chóir a fháil.
5. An cúigiú saincheist dlí, lena n-éilítear cosaint an ionchais dhlisteanaigh.
6. An séú saincheist dlí, lena n-éilítear prionsabal na deimhneachta dlíthiúla.

---

**Caingean arna tabhairt an 8 Meán Fómhair 2022 – House Foods Group v CPVO (SK20)**

**(Cás T-556/22)**

(2022/C 424/52)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* House Foods Group, Inc. (Osaka, an tSeapáin) (ionadaí: G. Würtenberger agus T. Wuttke, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Oifig Comhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*An ceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí atá i gceist:* SK20 – Iarratas ar cheart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí Uimh. 2017/3314

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh an Bhoird Achomhairc CPVO an 1 Iúil 2022 i gCás A 018/2021

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú don CPVO costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheist (Saincheisteanna) dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2100/94 ón gComhairle;

— sárú ar Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2100/94 ón gComhairle;

— sárú ar Airteagal 76 de Rialachán (AE) 2100/94 ón gComhairle;

— sárú ar Airteagal 81 de Rialachán (AE) 2100/94 ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 5 Meán Fómhair 2022 – Fachverband Eisenhüttenschlacken v an Coimisiún**

**(Cás T-560/22)**

(2022/C 424/53)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Fachverband Eisenhüttenschlacken eV (Duisburg, an Ghearmáin) (ionadaithe: G. Franßen, Dlíodóir, agus an tOllamh C. Koenig)